C/2025/1711

14.3.2025

Fógra faisnéise ón gCoimisiún de bhun Airteagal 16(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal

Oibleagáidí seirbhíse poiblí i leith aersheirbhísí sceidealaithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/1711)

Ballstát	an Spáinn
Na haerbhealaí lena mbaineann	Tenerife Norte - La Gomera Gran Canaria - La Gomera
Dáta athoscailte na mbealaí OSP d'aeriompróirí comhphobail	1.1.2026
An seoladh ónar féidir an téacs agus aon fhaisnéis nó doiciméadacht eile a fháil a bhaineann leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí.	Ministerio de Transportes y Movilidad Sostenible Dirección General de Avación Civil Subdirección General de Transporte Aéreo Paseo de la Castellana 67 28071 Maidrid An Spáinn Teil. +34 915977837 Facs +34 915978643 ríomhphoist osp.dgac@transportes.gob.es

Féadfar na bealaí atá faoi réir oibleagáidí seirbhíse poiblí a oibriú ar bhonn rochtain trí shaoriomaíocht ón 1 Eanáir 2026. I gcás nach gcuireann aon aeriompróir clár seirbhísí isteach atá i gcomhréir leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a forchuireadh, déanfar an rochtain a theorannú chuig aon aeriompróir amháin tríd an nós imeachta comhfhreagrach um thairiscint phoiblí, i gcomhréir le hAirteagal 16 (9) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008.